

## Nuair a bhí Joe dána Ceacht a Dó

Naisc leis an gCuraclam:		
<b>Gaeilge</b>	<b>Snáitheanna:</b> Labhairt, Éisteacht	<b>Snaithaonaid:</b> Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga
<b>OSPS</b>	<b>Snáitheanna:</b> Mise agus Daoine Eile	<b>Snaithaonaid:</b> Caidreamh le daoine eile, Mise agus mo chairde

### Gníomhaíocht a hAon – Cad is brí le MEAS Gníomhaíocht a Dó – Deir Ó Grádaigh Gníomhaíocht a Trí – What I am is ...

#### Cuspóirí:

- *Beidh sé ar chumas na páistí tuiscint a fháil ar cad is brí le 'meas'.*
- *Beidh sé ar chumas na páistí páirt a ghlacadh sa chluiche 'Deir Ó Grádaigh' agus machnamh a dhéanamh air.*
- *Beidh sé ar chumas na páistí éisteacht leis an amhrán 'What I am' agus plé a dheanamh air.*

#### Gníomhaíocht a hAon - Cad is brí le MEAS

- Iarr ar na páistí ciorcal mór a dhéanamh agus smaoineamh ar an bhfocal 'meas'.
- Fiafraigh de na páistí an bhfuil fhios acu cad is brí leis an bhfocal agus an bhfuil samplaí acu.
- Mínigh do na páistí gurb ionann 'meas' agus a bheith ag plé le daoine eile/rudaí/áiteanna/tú féin go cúramach agus go cineálta.
- Iarr ar na páistí smaoineamh ar mheas i gcomhthéacs Nuair a bhí Joe dána.
- Iarr ar na páistí páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht **Seas suas, Lámh suas, Beirteanna**. Sa ghníomhaíocht seo, seasann na páistí suas, cuireann siad a lámh sa aer nuair a bhíonn smaoineamh/freagra acu, agus teann siad i mbeirteanna chun freagraí a roinnt.
- Iarr ar na páistí a gcuid freagraí a roinnt leis an rang ar fad.

#### Íomhánna:

- Cuir na híomhánna ar thaispeáint ar an gClár Bán Idirghníomhach.
- Iarr ar na páistí **Smaoineamh, I mbeirteanna agus Roinn** – ag freagairt do na híomhánna agus á roinnt i ndá ghrúpa: 'Ag léiriú measa' agus 'Gan aon mheas'.
- Pléigh na freagraí le chéile.

#### Gníomhaíocht a Dó - Deir Ó Grádaigh ...

cóirithe ó [http://www.educationworld.com/a\\_lesson/00-2/lp2061.shtml](http://www.educationworld.com/a_lesson/00-2/lp2061.shtml)

- Meas ar ár gcosúlachtaí agus ár ndifríochtaí:
- Mínigh don rang go mbeidh sibh ag imirt leagan den chluiche 'Deir Ó Grádaigh' ach ní

- bheidh gach duine ag déanamh gach rud le chéile.
- Abair leis na páistí go gcaithfidh siad féachaint go géar ar na daoine eile sa rang mar beidh orthu smaoineamh siar ar cad a d'fhoghlaim siad ina dhiaidh.

Treoir shamplacha:

1. Deir Ó Grádaigh: “Gach duine le súile gorma, seas suas”
  2. Deir Ó Grádaigh: “Gach duine ó \_\_\_\_\_, seas suas”
  3. Deir Ó Grádaigh: “Gach duine a bhfuil dhá theanga nó níos mó acu, seas suas”
  4. Deir Ó Grádaigh: “Gach duine le deirfiúr níos óige, seas suas”
- Agus an ghníomhaíocht críochnaithe, tabhair cuireadh do na páistí suí i gciorcal agus plé a dhéanamh ar na cosúlachtaí idir iad féin agus na daoine eile sa rang. Ansin iarr orthu samaoineamh ar na rudaí nua a d'fhoghlaim siad mar gheall ar a chéile, mar shampla “Ní raibh fhios agam go mbíonn tusa ag imirt ar fhoireann peile, a Oisín. Maith thú.”

### Gníomhaíocht a Trí - What I am is ...

- Taispeáin físeán (as Béarla) de chuid Will.I.Am ar [http://www.sesamestreet.org/play#media/video\\_cc508155-8f8c-469d-a1fd-d7ab23fd6ac5](http://www.sesamestreet.org/play#media/video_cc508155-8f8c-469d-a1fd-d7ab23fd6ac5) nó <http://www.youtube.com/watch?v=cyVzjoj96vs>
- Iarr ar na páistí éisteacht leis an amhrán agus smaoineamh air.
- Tabhair cuireadh dóibh rud dearfach futhu féin a rá. Samplaí: “Táim cineálta.” “Táim go maith ag imirt peile.”





